2026/2043

11.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2043 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meán Fómhair 2026

maidir le beirt chomhaltaí a cheapadh den choiste de dhaoine neamhspleácha oirirce arna bhunú le hAirteagal 16 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 ([1]) maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus go háirithe Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445, soláthraítear na coinníollacha maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú. Go háirithe, ní mór do na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus a mballpháirtithe agus a n-eagraíochtaí, cloí leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina gclár agus ina ngníomhaíochtaí go háirithe, agus ní mór dóibh dearbhú foirmiúil caighdeánach a sholáthar chuige sin.

(2) Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún iarraidh a chur faoi bhráid an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (‘an tÚdarás’) chun a fhíorú an gcomhlíonann páirtí polaitiúil Eorpach sonrach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach shonrach na coinníollacha sin.

(3) Sula nglacfar cinneadh maidir le páirtí nó fondúireacht a dhíchlárú toisc sárú follasach agus tromchúiseach a dhéanamh ar na coinníollacha sin, ní mór don Údarás dul i gcomhairle le coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce, a thabharfaidh tuairim laistigh de 2 mhí.

(4) Thairis sin, arna iarraidh sin don Údarás, ní mór don choiste de dhaoine neamhspleácha oirirce tuairim a thabhairt cé acu a d’imir nó nár imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d’aon turas nó a d’fhéach nó nár fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

(5) Chun na gcríoch sin, bunaítear le hAirteagal 16 den Rialachán coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce a bheidh comhdhéanta de sheisear comhaltaí, mar a ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún beirt chomhaltaí an ceann a cheapadh.

(6) Ba cheart do rúnaíocht an choiste, ag gníomhú di faoi údarás an choiste, agus faoi sin amháin, agus arna soláthar ag Parlaimint na hEorpa, tacaíocht a chur ar fáil don choiste chun a chúraimí a chomhlíonadh. Is í Parlaimint na hEorpa a sholáthróidh cistiú an choiste.

(7) Is gá go gceapfaidh an Coimisiún beirt chomhaltaí, chun comhaltaí an choiste a athnuachan de bhun an tríú fomhír d’Airteagal 16(1) den Rialachán.

(8) Roghnaíodh na comhaltaí a moladh ar bhonn a gcáilíochtaí pearsanta agus gairmiúla agus ní comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle ná den Choimisiún iad, ná níl aon sainordú toghchánach acu, ní oifigigh ná seirbhísigh eile de chuid an Aontais Eorpaigh iad ná ní fostaithe reatha ná iarfhostaithe de pháirtí polaitiúil Eorpach ná d’fhondúireacht pholaitiúil Eorpach iad. Dá bhrí sin, comhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d’Airteagal 16(1) den Rialachán,

([1]) IO L, 2025/2445, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste daoine neamhspleácha oirirce ar feadh téarma oifige an Choiste:

(a) Alexander ITALIANER

(b) Martine REICHERTS

(2) Tá an ceapachán faoi réir gach duine de na comhaltaí ainmnithe an dearbhú neamhspleáchais agus easpa coinbhleacht leasa atá ar fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a shíniú.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

DEARBHÚ NEAMHSPLEÁCHAIS AGUS EASPA COINBHLEACHT LEASA

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, …… , gur thug mé do m'aire Airteagal 16(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus go bhfeidhmeoidh mé mo chuid feidhmeanna i mo cháil mar chomhalta den choiste de dhaoine neamhspleácha oirirce ar bhealach a bheidh go hiomlán neamhspleách agus go hiomlán i gcomhréir le rialacha an Rialacháin sin. Ní iarrfaidh mé treoir ná ní ghlacfaidh mé treoir ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile. Staonfaidh mé ó aon ghníomh a bheadh ar neamhréir le cineál mo chuid dualgas. Dearbhaím nach ann do choinbhleacht leasa i mo chás-sa, chomh fada agus is eol dom. Bíonn coinbhleacht leasa ann i gcás ina gcuirtear i mbaol feidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil na ndualgas atá orm i mo cháil mar chomhalta den choiste de dhaoine neamhspleácha oirirce, nó i gcás ina ndealraítear go gcuirtear i mbaol é, ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, saol pearsanta, cleamhnacht pholaitiúil, náisiúnta, fealsúnachta nó chreidimh, leas eacnamaíoch nó aon leas eile a bheadh i bpáirt agam le faighteoir féideartha. Dearbhaím, go háirithe, nach comhalta de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle ná den Choimisiún mé. Níl aon sainordú toghchánach agam. Ní oifigeach ná seirbhíseach eile de chuid an Aontais Eorpaigh mé. Ní fostaí mé de pháirtí polaitiúil Eorpach ná d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach agus níorbh ea riamh.

Arna dhéanamh …,

[Dáta + SÍNIÚ an chomhalta ainmnithe den choiste daoine neamhspleácha oirirce]